55 ir ol PAGES 10/08/2002 10:14 am Page 1 Paul Paul's Mac:Desktop Folder:EDUCATION BOOKS FRANKIE Jul02:55 ir ol BOOK fol

**Faoi Rún** **M.5, M.5A agus M.6**

# SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA, 2002

# GAEILGE

# ARDTEISTIMÉIREACHT, GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

(N.B. Tharlódh go ndéanfaí athruithe nó leasuithe ar chodanna den Scéim seo ag an gComhdháil Mharcála.)

## GINEARÁLTA

Ní mór do na Scrúdaitheoirí Cúnta an mharcáil a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór dóibh na mórbhotúin ach go háirithe a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Is cóir na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar fhreagarleabhar an Iarrthóra.

## PÁIPÉAR I (220 marc)

**CEIST 1** **- CEAPADÓIREACHT -** **120 MARC**

'Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.'

I gcás A, B, C, agus D (Dhá cheann le freagairt)

Leathleathanach nó breis: Tasc = 3 mharc }
}
Ábhar = 9 marc } = 60 marc x 2 = 120
marc
}
Cumas Gaeilge = 48 marc }

[Cumas gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra (= 40%)
móide
(ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na
Gaeilge
(= 50%) agus le litriú (= 10%).]

[Gearrfar pionós ar iarrthóirí de bharr nach bhfuil na hiarrachtaí ceapadóireachta ad rem.]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 12 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 48 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

[**Nóta**: Maidir le `Gaeilge Lochtach' a luaitear leis na ceisteanna ina dhiaidh seo = Lochtanna a fhaightear ar fhreagra an iarrthóra i dtaca leis na gnéithe seo a leanas: (i) fairsinge agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra, móide (ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.
(i) agus (ii) sa chóimheas 40% : 60%]

**CEIST 2 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc**

'Freagair **A** agus **B** anseo.'

**A (50 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Cén fáth a gcuireann Fionnuala RnaG ar siúl? | | = 10 marc. |
| **(ii)** | Dhá rud a rinne a tuismitheoirí le Fionnuala. | = 5 mharc x 2 | = 10 marc. |
| **(iii)** | Cad a chuir ar an stáitse idirnáisiúnta í den chéad uair? | | = 10 marc. |
| **(iv)** | Cén uair a bhí sí sásta an pháirt sin a ghlacadh? | | = 10 marc. |
| **(v)** | Cad iad an dá rud sin (ar bhunaigh sé an scéal orthu)? | = 5 mharc x 2 | = 10 marc |

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**B (50 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Cén fáth ar ghlaoigh an Aerlíne ar Phatti agus ar a cara an mhaidin sin? | | = 10 marc. |
| **(ii)** | Conas a tharla sé gurbh í cara Phatti a roghnaigh siad? | | = 10 marc |
| **(iii)** | Ba bheag nár thit an t-anam as Eibhlín. Cén fáth? | | = 10 marc |
| **(iv)** | Luaigh dhá rud faoi Pheadar Ó Cadhla. | = 5 mharc x 2 | = 10 marc |
| **(v)** | Cén fáth ar cheap Pádraig Ó Donnabháin nach mbeadh sé ábalta an foirgneamh a fhágáil? (Dhá rud i gceist) | = 5 mharc x 2 | = 10 marc |

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

[Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht]

**Nóta**: Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

**Páipéar II (110 marc)**

**Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) nó Roinn B (Cúrsa Roghnach) a fhreagairt.** Ní bheidh marcanna le gnóthú i gcás nach gcloífear leis an riail seo.

**ROINN A - CÚRSA AINMNITHE -**

**Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

**CEIST 1 - PRÓS AINMNITHE- (55 mharc)**

**'Freagair (a) agus (b) anseo.'**

**(a)**

(i) Cuntas ar ar tharla ina dhiaidh sin. (Clann Lir) = 25 mharc } = 35 mharc

(ii) Cén sórt duine í Fionnuala? }
Cur síos gairid uirthi. = 6 mharc }
Fáth ar thaitin. (nó nár thaitin sí leat.) } = 10 marc }
Dhá fháth = 2 mharc x 2 = 4 mharc }

**nó**

(I) Cuntas ar Mhicil ón eolas atá sa dráma faoi.
(An Lasair Choille) = 25 mharc } = 35 mharc

(ii) Cén phearsa, Séamas nó Míoda, is mó a raibh trua agat dó/di? = 1 mharc }
Cur síos gairid air/uirthi. = 5 mharc } = 10 marc
Dhá fháth. 2 mharc x 2 = 4 mharc }

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil i gceann amháin de na saothair a luadh faoin téama atá roghnaithe agat as na téamaí atá luaite. = 20 marc

**nó**

Cuntas gairid ar dhá rud i gceann amháin de na saothair a luadh a thaitin leat (nó nár thaitin) leat. 2 mharc + (9 marc x 2) } = 20 marc

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist = 55 mharc

**<u>Nóta</u>**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach I gcuid (a) <u>agus</u> an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

| **CEIST 2** | **- FILÍOCHT AINMNITHE -** | **(55 mharc)** |
|---|---|---|

**'Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.'**

**(a)**

(i) Téama **i d'fhocail féin**. (Chlaon mé mo Cheann)= 10 marc }

(ii) Dhá íomhá **i d'fhocail féin.** = 4 mharc x 2 = 8 marc }

(iii) Cad atá i gceist? = 7 marc } = 35 mharc

(iv) Ar thaitin an dán leat? = 2 mharc}
Dhá fháth. = 4 mharc x 2 = 8 marc } = 10 marc }

**nó**

(i) An mothúchán is mó. (Treall) = 2 mharc = 10 marc }
Dhá fháth. = 4 mharc x 2 = 8 marc }

(ii) Cén fáth casúr nó tua?. = 4 mharc }
Cén fáth cláir is tairní? = 4 mharc } = 8 marc }

(iii) Teideal oiriúnach? = 2 mharc } = 35 mharc
Fáth le do thuairim. = 5 mharc} = 7 marc }

(iv) An maith leat an dán? = 2 mharc]
Dhá fháth. = 4 mharc x 2 = 8 marc} = 10 marc }

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil sa dán, Faoileán, faoin mothúchán atá roghnaithe agat as na mothúcháin atá luaite. = 20 marc

**nó**

Cuntas gairid ar phríomhsmaointe an dáin, Faoileán. = 14 mharc }
Cuntas ar íomhá amháin nó ar mheafar amháin }
a thaitin (nó nár thaitin).leat = 6 mharc } = 20 marc

[Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist 2 = 55 mharc

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) agus an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar

## ROINN B - CÚRSA ROGHNACH -

**Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

### CEIST 1 - PRÓS ROGHNACH- (55 mharc)

**'Freagair (a) agus (b) anseo.'**

**(a)**

(i) Cuntas ar na príomhimeachtaí. (Scéal Béaloidis)= 23 mharc}
Teideal an scéil / ainm an údair. = 2 mharc } = 25 mharc}
} } = 35 mharc
(ii) Cur síos ar phearsa a thaitin leat. = 6 mharc } }
Cén fáth? (Dhá fháth) 2 mharc x 2 = 4 mharc } = 10 marc }

**nó**

(i) Cuntas ar an téama sa dráma. = 23 mharc }
Teideal an dráma / ainm an údair. = 2 mharc }= 25 mharc}
} }
(ii) Cur síos gairid ar phearsa a mhúscail mothú. = 6 mharc } } = 35 mharc
An fáth ar mhúscail sé/sí an mothú sin ionat. = 4 mharc }= 10 marc }

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

Cuntas gairid ar a bhfuil i gceann amháin de na saothair eile nár úsáid tú i gcuid (a) faoin téama atá roghnaithe agat as na téamaí atá luaite. = 18 marc }
} = 20 marc
Teideal an tsaothair/ainm an údair. = 2 mharc}

**nó**

Cuntas gairid ar dhá phearsa i gceann amháin de na saothair eile nár úsáid tú i gcuid (a). Pearsa amháin a thaitin leat agus pearsa amháin nár thaitin leat. = 9 marc x 2 = 18 marc }
} = 20 marc
Teideal an tsaothair/ainm an údair. = 2 mharc}

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

---

Ceist 1 = 55 mharc

**<u>Nóta</u>**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach I gcuid (a) <u>agus</u> an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

| **CEIST 2** | **- FILÍOCHT ROGHNACH-** | **(55 mharc)** |
|---|---|---|

**'Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.'**

**(a)**

(i) Téama **i d'fhocail féin**. (Dán a chum fear) = 6 mharc }

(ii) Cur síos **i d'fhocail féin** ar dhá íomhá.= 5 mharc x2 = 10 marc }

(iii) Teideal oiriúnach? = 2 mharc}
Fáth le do thuairim. = 5 mharc} = 7 marc } = 35 mharc

(iv) Ar thaitin an dán leat? = 2 mharc}
Dhá fháth. = 4 mharc x 2 = 8 marc } = 10 marc }

Teideal an dáin/file a chum. = 2 mharc }

**<u>Nó</u>**

(i) Mothúchán is mó. (Dán a chum bean) = 2 mharc
Dhá fháth. 3 mharc x 2 = 6 mharc = 8 marc }

(ii) Déan cur síos **i d'fhocail féin**
ar dhá mheafar. = 4 mharc x 2 = 8 marc }

(iii) Nóta gairid faoi rud amháin suimiúil = 7 marc } = 35 mharc

(iv) An maith leat an dán? = 2 mharc]
Dhá fháth. = 4 mharc x 2 = 8 marc} = 10 marc }

Teideal an dáin/ainm an fhile. = 2 mharc }

[Gaeilge lochtach: 0 – 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuntas gairid ar a bhfuil i ndán a chum fear agus nár úsaid tú i gcuid (a) faoi mhothúchán amháin atá roghnaithe agat as na mothúcháin atá luaite. | = 18 marc | } | = 20 marc |
| Teideal an dáin/ainm an fhile | = 2 mharc | } | |

**nó**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cuntas gairid ar phríomhsmaointe an dáin a chum fear agus nár úsaid tú i gcuid (a). | = 12 marc | } | |
| Cuntas gairid ar íomhá amháin nó ar mheafar amháin a thaitin (nó nár thaitin) leat | = 6 marc | } | = 20 marc |
| Teideal an dáin/ainm an fhile | = 2 mharc | } | |

[Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Ceist 2 = 55 mharc

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) agus an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar

## CLUASTUISCINT (120 marc)

Cuid A :

| | |
|---|---|
| Fógra a hAon | 3 + 3 + 5 + 3 |
| Fógra a Dó | 4 + 3 + 4 + 3 |
| Fógra a Trí | 4 + 5 + 2 + 3 |

Cuid B :

| | |
|---|---|
| Comhrá a hAon | 4 + 4 + 4 + 3 |
| Comhrá a Dó | 4+ 4 + 4 + 4 + 2 + 2 |
| Comhrá a Trí | 4 + 2 + 5 + 4 |

Cuid C :

| | |
|---|---|
| Píosa a hAon | 4 + 3 + 4 + 3 |
| Píosa a Dó | 3 + 4 |
| Píosa a Trí | 1 + 6 |

[Gaeilge lochtach: 0 - 12 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta:** Míneofar an córas a thuilleadh ag an gComhdháil. Pléifear samplaí freisin as na freagarleabhair.

Mineofar freisin cad ba cheart a dhéanamh i gcás iarrthóra ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di.

55 ir ol PAGES 10/08/2002 10:15 am Page 7 Paul Paul's Mac:Desktop Folder:EDUCATION BOOKS FRANKIE Jul02:55 ir ol BOOK fol

*Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:*

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha. Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí Cúnta:

Sa chás go dtagann scrúdaitheoir cúnta trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di

- níor mhór don scrúdaitheoir cúnta a chur in iúl dá scrúdaitheoir comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici
- caithfidh an scrúdaitheoir comhairleach a mhíniú don scrúdaitheoir cúnta go bhfuil gach gné den scéim mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh mharcáil na scripte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus an ghramadach (10% + 50%) san áireamh
- míneoidh an scrúdaitheoir comhairleach don scrúdaitheoir cúnta go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an scéim mharcála á cur i bhfeidhm ag an scrúdaitheoir cúnta ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.